Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

An Bhruiséil, 11 Eanáir 2022

CM 5922/1/21
REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0146(COD)

CODEC
UD
UK
WTO
PROCED

TEACHTAIREACHT

AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

Teagmháil:	codecision.adoption@consilium.europa.eu
Teil/Facs:	+32.2.281.8765
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/216 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cuóta ráta taraife an Aontais maidir le mairteoil ardcháilíochta ó Pharagua An nós imeachta i scríbhinn a thionscnamh: - Glacadh an ghnímh reachtaigh **= Síneadh a chur leis an spriocdháta go dtí an 11 Eanáir 2022, 17.00 (am na Bruiséile)**

Ag eascairt as an gcinneadh a rinne Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2), an 5 Eanáir 2022, an nós imeachta i scríbhinn a úsáid, iarrtar ar na **toscaireachtaí nár thug fógra fós faoina bhfreagraí** a chur in iúl an aontaíonn siad le glacadh an dréachtrialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/216 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cuóta ráta taraife an Aontais maidir le mairteoil ardcháilíochta ó Pharagua, mar a leagtar amach in PE-CONS 75/21 é.

Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.

Is tráth a fhreagraítear an cheist ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh.

Ní mór na freagraí ó na **toscaireachtaí nár thug fógra fós fúthu** a sheoladh le ríomhphost chuig codecision.adoption@consilium.europa.eu, agus ní mór iad a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle faoin **Máirt, an 11 Eanáir 2022 ar 17.00 (am na Bruiséile)** ar a dhéanaí.